# Pointí Pionóis
# Nóta Faisnéise

RSA
Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

## Nóta Faisnéise

Is marc é pointe pionóis a thaispeánann go bhfuil tú ciontach i gcion tiomána ar leith. Beidh na pointí pionóis le feiceáil ar thaifead do cheadúnais tiomána, ní ar do cheadúnas tiomána iarbhír. Míníonn an nóta faisnéise seo conas a oibríonn córas na bpointí pionóis.

Sa chás gur ceadúnas eachtrach atá ag tiomanaí, cruthófar taifead agus cuirfear na pointí pionóis ar an taifead sin.

## Cathain a gheobhainn pointí pionóis?

Gheobhaidh tú pointí pionóis ar thaifead do cheadúnais tiomána má:

- Chiontaítear tú sa chúirt i gcion tiomána a thabhaíonn pointí pionóis; nó
- Fhaigheann tú fógra i scríbhinn muirear seasta a íoc as cion tiomána a mbíonn pointí pionóis mar thoradh air, agus aontaíonn tú glacadh leis na pointí pionóis agus an muirear seasta a íoc in ionad dul chun na cúirte.

Nóta: Gheobhaidh pointí pionóis níos ísle nuair a íocann tú muirear seasta. Mar shampla, dá gciontófaí tú sa chúirt i gcion luais, gheofá 5 phointe pionóis; ach ní bhfaighfeá ach 3 phointe pionóis dá n-íocfá an muirear seasta.

## Cé a fhaigheann na pointí pionóis?

- Má bhíonn cion tiomána le feiceáil ar cheamara, gheobhaidh an té atá cláraithe mar úinéir na feithicle fógra muirir sheasta sa phost.
- **Mura** raibh an t-úinéir cláraithe ag tiomáint ag am an chiona:
    - ba cheart dó/di an fhoirm riachtanach a líonadh isteach ag tabhairt mionsonraí an té a bhí ag tiomáint agus í a chur ar ais go dtí an Oifig Próiseála Muirear Seasta gan íocaíocht;
    - déanfaidh an Oifig Próiseála Muirear Seasta an fógra muirir sheasta a atheisiúint ansin chuig an tiománaí ainmnithe;
    - is í an uimhir a bheidh ar litir an fhógra mhuirir sheasta ná uimhir an cheadúnais tiomána lenar gcuirfear na pointí pionóis.

## Cathain a thagann na pointí pionóis in éifeacht?

Forálann an dlí:

- Gur cheart duit fógra i scríbhinn a fháil i ngach cás ina gcuirfear pointí pionóis le do thaifead ceadúnais tiomána. Déanfaidh An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an fógra seo a eisiúint;
- Nach dtiocfaidh na pointí i bhfeidhm ar thaifead do cheadúnais tiomána go dtí **28 lá tar éis dáta eisiúna an fhógra i scríbhinn**. Níl baint ar bith ag dáta an chiona, eisiúint fhógra mhuirir sheasta an Gharda, íocaíocht an mhuirir sheasta nó dáta na cúirte leis an uair a chuirtear na pointí pionóis i bhfeidhm ar thaifead do cheadúnais tiomána.

Nóta: Má tá do cheadúnas tiomána as dáta, ní chuirfear na pointí i bhfeidhm go dtí an uair a dhéanann tú do cheadúnas a athnuachan.

## Cén fáth nach gcuirtear na pointí pionóis in éifeacht ó dháta an chiona?

Ní chuirtear na pointí pionóis in éifeacht ó dháta an chiona mar:

- Ní féidir na pointí a chur i bhfeidhm go dtí go n-íocann tú muirear seasta nó go gciontaítear tú i gcion;
- Bíonn sealbhóir ceadúnais dícháilithe ó thiomáint **28 lá tar éis d'fhógra** í scríbhinn a bheith eisithe agus ní láithreach mar dá mbeadh a mhalairt i gceist d'fhéadfá bheith ag tiomáint agus tú dícháilithe i ngan fhios duit – mar shampla, sa chás go bhfuil 10 bpointe pionóis agat cheana agus go ndéanann tú cion atá le feiceáil ar cheamara.

## Cá fhad a fhanfaidh na pointí pionóis ar thaifead mo cheadúnais?

Fanfaidh na pointí pionóis ar thaifead do cheadúnais tiomána reatha ar feadh trí bliana ón dáta tosaithe. Ní chuimseoidh na **trí bliana** aon tréimhse ina mbíonn do cheadúnas as dáta nó má bhíonn tú dícháilithe ó thiomáint mar gheall ar chion eile.

## Cathain gur féidir liom a bheith dícháilithe ó thiomáint?

De réir an dlí, ní féidir leat feithicil a thiomáint go ceann **sé mhí** uair amháin atá **12/7* phointe pionóis** ar thaifead do cheadúnais tiomána. Glanfar na pointí uilig, áfach, go raibh an dícháiliú mar thoradh orthu, ag deireadh na sé mhí.

Ní féidir tréimhse dícháilithe de shé mhí maidir le pointí pionóis a sheirbheáil ar cheadúnas atá as dáta nó má tá tú dícháilithe mar gheall ar chion eile sa tréimhse sé mhí sin. Leanfaidh an dícháiliú chomh luath agus a dhéanfaidh tú do cheadúnas a athnuachan.

## Cén áit gur féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

**Má tá ceist agat faoi do cheadúnas tiomána nó an dáta a dtiocfaidh críoch le do chuid pointí pionóis, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le:**

NDLS
ag 076 108 7880
nó ar ríomhphost info@ndls.ie

**Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an gcion féin ach teagmháil a dhéanamh le:**

Oifig Próiseála na Muirear Seasta
Trí ríomhphost npo@garda.ie
nó íosglao 1890 30 40 60

**Is bileog eolais í seo agus ní cáipéis dlí.**

**Nuair is infheidhme i gcás Tiománaithe faoi Oiliúint nó Tiománaithe Nuacheadúnaithe - féach www.rsa.ie chun tuilleadh eolais a fháil.*

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo
locall: 1890 50 60 80 fax: (096) 25252 email: info@rsa.ie website: www.rsa.ie

3501 RSA penalty points leaflet.indd 1 13/10/2014 15:21

# Penalty Points Information Note

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

A penalty point is a mark that shows you are guilty of a particular driving offence. The penalty points will appear on your driving licence record, not on your actual driving licence. This information note explains how the penalty points system works.

Where a driver has a foreign licence a record will be created and the penalty points recorded on that record.

## When would I get penalty points?

You will get penalty points on your driving licence record if:

- You are convicted in court of a driving offence which incurs penalty points; or
- You get written notice to pay a fixed charge for a driving offence that results in penalty points, and you agree to accept the penalty points and pay the fixed charge rather than go to court.

Note: You will get lower penalty points when you pay a fixed charge. For example, if you were convicted in court of a speeding offence, you would get 5 penalty points; but you would only get 3 points if you paid a fixed charge.

## Who gets the penalty points?

- If a driving offence is caught on camera, the person who is registered as the owner of the vehicle will get a fixed charge notice in the post.
- If the registered owner was not driving at the time of the offence:
  - they should complete the necessary form giving details of the person who was driving and return it to the Fixed Charge Processing Office without payment;
  - the Fixed Charge Processing Office will then reissue the fixed charge notice to the named driver;
  - the reference number on the penalty point notice letter will be the driver licence number to which the penalty points will be added.

## When do the penalty points come into effect?

The law provides that:

- You should get a written notice in all cases where penalty points are to be added to your driving licence record. The Road Safety Authority will issue this notice;
- The points will only apply on your driving licence record 28 days after the date of issue of the written notice. The date of the offence, the issuing of the Garda fixed charge notice, the payment of the fixed charge or the court date have no bearing on when penalty points are applied to your driving licence record.

Note: If your driving licence is out of date, the points will only apply from whenever you renew your licence.

## Why do penalty points not take effect from the date of the offence?

Penalty points do not take effect from the date of the offence because:

- The points can only be applied after you pay a fixed charge or after you are found guilty of the offence;
- A licence holder is disqualified from driving **28 days after a written notice** has issued and not immediately as otherwise it would be possible that you would be driving while disqualified without knowledge of the disqualification – for example, where you already have 10 points and commit an offence caught by camera.

## How long will the penalty points stay on my licence record for?

The penalty points will stay on your current driving licence record for three years from the start date. The **three years** will not include any period where your licence is out of date or where you are disqualified from driving because of another offence.

## When can I be disqualified from driving?

By law, you cannot drive a vehicle for **six months** once you have **12/7* penalty points** on your driving licence record. However, all of the points that led to the disqualification will be removed at the end of the six months.

A penalty point disqualification period of six months cannot be served on a licence that is out of date or if you are disqualified for another offence in that six-month period. The disqualification will continue once you renew your licence.

## Where can I get further information?

**If you have a query about your driving licence or the number or end date of penalty points, you should contact the:**

NDLS
at 076 108 7880
or email info@ndls.ie

**You can get further information on the actual offence by contacting the:**

Fixed Charge Processing Office
By email npo@garda.ie
or Locall 1890 30 40 60

**This leaflet is only a guide and not a legal document.**

**Where applicable for Novice or Learner Drivers – www.rsa.ie for further information.*

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo
locall: 1890 50 60 80 fax: (096) 25252 email: info@rsa.ie website: www.rsa.ie

3501 RSA penalty points leaflet.indd 2 13/10/2014 15:21